# TREOIRLÍNTE D'ARDUITHE CÉIME

## Treoirlíne d'Arduithe Céime Acadúla – Conairí Teagaisc & Foghlama agus Ceannaireachta

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

**Léachtóir Sinsearach/Ollamh Comhlach (Conradh A)**
**Ollamh le (Conairí Teagaisc & Foghlama agus Ceannaireachta)**
**Ollamh Bunaithe (Conairí Teagaisc & Foghlama agus Ceannaireachta)**

Is é is cuspóir do na Treoirlínte sa cháipéis seo cuidiú le hiarratas a chur le chéile ar ardú céime chuig Léachtóir Sinsearach/Ollamh Comhlach (Conradh A), agus Ollamh le, nó Ollamh Bunaithe sa chonair Teagaisc agus Foghlama. (Maidir leis an gconair Taighde/Léann, féach na treoirlínte ar leith a bhaineann léi sin. Féadfaidh na hiarratasóirí a dhéanann iarratas faoin gconair Cheannaireachta ceachtar den dá chonair a úsáid, mar is cuí). Tugtar léargas sna treoirlínte ar an méid a mbeifí ag súil leis ag na leibhéil seo, agus bheadh i bhfad níos mó i gceist ná an méid a mbeifí ag súil leis ag leibhéal léachtóra. Ní liosta iomlán é an réimse samplaí a thugtar. Tá na treoirlínte leagtha amach de réir critéir agus ba chóir iad a léamh in éineacht leis na cáipéisí ar leith a leagann amach na critéir le haghaidh ardú céime ag gach leibhéal. Leagtar amach na téarmaí faoina bhféadfaí a mheas gur éirigh leis an iarratas sa cháipéis ar leith ina bhfuil na critéir do gach conair, agus ar thosach na foirme iarratais ábhartha.

I ngach cás ní mór d'iarrthóirí an méid a rinne siad féin le cur le haon ghníomhaíocht dá dtagraíonn siad a léiriú go soiléir. Áirítear leis seo a ról sainiúil mar bhaill/mar cheannairí coistí, i ngrúpaí oibre, i róil eagarthóireachta, in ioncam deontais a fháil, etc. Maidir le hioncam taighde, mar shampla, ba cheart go mbeadh an téarmaíocht a úsáidtear san iarratas ar ardú céime chun cur síos a dhéanamh ar ról an iarratasóra díreach mar a bhí san iarratas ar dheontas. Áirítear leis seo freisin léiriú soiléir a thabhairt ar chuid an iarratasóra d'aon chomhghradam taighde. *Tá sé tábhachtach go léireofaí go bhfuil cuar seasta chun feabhais ann: Táthar ag súil go ndéanfaidh iarrthóirí cás láidir soiléir go bhfuil siad ag feidhmiú faoi láthair ag an leibhéal a bhfuil iarratas déanta acu air, agus go bhfuil díocas orthu agus go bhfuil sé ar a gcumas leanúint orthu ag feidhmiú ag an leibhéal sin. Táthar ag súil leis seo i gcás gach ceann de na critéir agus na disciplíní.*

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go n-áireofaí gníomhaíocht faoi níos mó ná ceannteideal amháin san fhoirm iarratais. Is faoi gach iarratasóir a bheidh sé an cinneadh a dhéanamh cén áit ar chóir eolas faoi ghníomhaíocht áirithe a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais. Cuimhnigh gur féidir crostagairt a dhéanamh d'eolas faoi ghníomhaíocht ach nár cheart eolas faoin ngníomhaíocht chéanna a thabhairt níos mó ná uair amháin: ní

thabharfaidh an Coiste Arduithe Céime Acadúla creidiúint faoi dhó don ghníomhaíocht chéanna. Sa chomhthéacs seo measfar gur fianaise thacaíochta, seachas eolas a bheith á thabhairt faoi dhó, an portfóilió teagaisc, an t-aiseolas ó mhic léinn agus próifíl IRIS.

Chun ardú céime a fháil ní mór d'iarrthóirí a mheas go bhfuil na critéir ar fad bainte amach acu don ghrád agus don chosán ar a ndearna siad iarratas. Má theipeann ar iarrthóir critéar amháin nach bunchritéar é a bhaint amach, féadfaidh siad mar sin féin cás prima facie a bhunú ‘sa bhabhta’, áit a bhfuil a n-éachtaí i dtromlach na gcritéar eile, i mbreithiúnas acadúil an Choiste Arduithe Céime Acadúla, i bhfad os cionn an leibhéil riachtanaigh. Tá bunchritéir agus critéir thánaisteacha léirithe go soiléir ar an bhfoirm iarratais agus sna cáipéisí critéir.

Sa chás go gcuirfear méid suntasach ábhar neamhchruinn agus/nó dúbailte san iarratas, d’fhéadfadh an Coiste Arduithe Céime Acadúla an cinneadh a dhéanamh gan an t-iarratas a mheas a thuilleadh.

*Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí mar Chathaoirleach ar an gCoiste Arduithe Céime Acadúla,*
*11 Nollaig 2023*

# TREOIRLÍNTE D'ARDUITHE CÉIME

| Bunchritéir | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimse** | **Táscairí Gnóthachain Shuntasaigh** | **Táscairí Gnóthachain Éachtaigh** | **Táscairí Gnóthachain Eisceachtúil** |
| **Taighde agus Léann** | Ag teacht leis an gconradh do Léachtóir ar Chonradh A, glactar leis go dtagraíonn do chuid gníomhaíochta taighde agus léinn do thaighde agus do ghnéithe eile den léann a bhaineann le teagasc taighdebhunaithe agus glactar leis chomh maith go bhfuil tú ar an eolas faoi na forbairtí oideolaíochta is deireanaí agus faoi na forbairtí is deireanaí i do Dhisciplín. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo taighde oideolaíochta, taighde mar a shamhlaítear go traidisiúnta é sa disciplín, nó meascán den dá rud.<br>D'áireofaí leis sin<br>• Leasuithe chun feabhais ar an oideolaíocht agus ar an teagasc, bunaithe ar thaighde<br>• Torthaí taighde ón seomra ranga<br>• ábhar a bheadh foilsithe in irisí agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta agus i gcaibidlí leabhar piarmheasúnaithe<br>• leabhair agus/nó monagraif a bheith scríofa acu agus iad a bheith | Taifead suntasach éachtach ar aschuir taighde oideolaíochta ardchaighdeáin, nó ar aschuir taighde oideolaíochta agus taighde eile, a bhfuil aitheantas faighte ag an iarrthóir astu as a n-úire, a suaithinseacht agus a ndéine, agus a bhfuil seasamh agus aitheantas náisiúnta nó idirnáisiúnta acu, agus ar aschuir taighde oideolaíochta cuid shuntasach díobh.<br>Beidh tionchar inléirithe ag na foilseacháin seo ar an réimse Teagaisc agus Foghlama/oideolaíochta, agus d'fhéadfadh foilseacháin sa disciplín acadúil a bheith san áireamh freisin (arna léiriú ag méadrachtaí cuí an disciplín).<br>D'áireofaí leis sin<br>• Leasuithe chun feabhais ar an oideolaíocht agus ar an teagasc, bunaithe ar thaighde<br>• Torthaí taighde ón seomra ranga<br>• ábhar a bheadh foilsithe in irisí agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta agus i gcaibidlí leabhar piarmheasúnaithe<br>• leabhair agus/nó monagraif a bheith | Teist leanúnach, eisceachtúil d'aschuir taighde oideolaíochta ardchaighdeáin, nó d'aschuir oideolaíochta nó taighde eile, a bhfuil aitheantas faighte acu as a n-úire, a suaithinseacht agus a ndéine, agus a bhfuil stádas agus cáil náisiúnta nó idirnáisiúnta tuillte mar thoradh orthu. Beidh tionchar inléirithe ag na foilseacháin seo ar an réimse Teagaisc agus Foghlama/oideolaíochta, agus d'fhéadfadh foilseacháin sa disciplín acadúil a bheith san áireamh freisin (arna léiriú ag méadrachtaí cuí an disciplín).<br>D'áireofaí leis sin<br>• Leasuithe chun feabhais ar an oideolaíocht agus ar an teagasc, bunaithe ar thaighde<br>• Torthaí taighde ón seomra ranga<br>• ábhar a bheadh foilsithe in irisí agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta agus i gcaibidlí leabhar piarmheasúnaithe<br>• leabhair agus/nó monagraif a bheith scríofa acu agus iad a bheith foilsithe ag foilsitheoirí mór le rá |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | foilsithe ag foilsitheoirí mór le rá<br>• imleabhair a bheith curtha in eagar, etc.<br>• tuarascálacha taighde<br>• comhthograí taighde idirnáisiúnta a bhfuil ag éirí go maith leo a bhunú agus a chothabháil, etc.<br><br>Ní liosta iomlán é seo. Tiocfaidh an teist seo le noirm an disciplín, agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí léi údarthacht aonair, príomhúdarthacht nó údarthacht shinsearach ar fhoilseacháin a mbeadh an-seasamh acu.<br>Má luaitear foilseacháin, ba cheart d'iarrthóirí léargas soiléir a thabhairt ar a mhéad oibre atá déanta acu mar phríomhúdar ina gcuntas ar an obair sin. Ní gá taighde bunaidh a bheith déanta ag an leibhéal seo. Ach beidh orthu siúd a bhfuil sé i gceist acu dul ar aghaidh go dtí leibhéal ollaimh ar an gconair seo taighde oideolaíochta a bheith foilsithe acu ag an bpointe sin (féach na treoirlínte sna colúin ar dheis).<br><br>I gcás ina bhfuil meascán d'aschur ó údair aonair agus ó ilúdair ag iarratasóir, cuirfear é seo san áireamh sa phlé ar íoslíon na n-aschur a theastaíonn. Is féidir páipéir pholasaí a chur san áireamh ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad an | scríofa acu agus iad a bheith foilsithe ag foilsitheoirí mór le rá<br>• imleabhair a bheith curtha in eagar, etc.<br>• tuarascálacha taighde<br>• comhthograí taighde idirnáisiúnta a bhfuil ag éirí go maith leo a bhunú agus a chothabháil, etc.<br>Ní liosta iomlán é seo. Tiocfaidh an teist seo le noirm an disciplín, agus áireofar léi méid shuntasach d'údarthacht aonair, príomhúdarthacht nó údarthacht shinsearach ar fhoilseacháin a mbeadh an-seasamh acu.<br>Ní mar a chéile a mheasfar an rud is teist éachtach ann i ngach disciplín ach de ghnáth bheadh a oiread go leith (1.5) i gceist le hais an méid a bhfuiltear ag súil leis ó Léachtóir Sinsearach/ Ollamh Comhlach. D'fhéadfaí tagairtí acadúla, tosca a bhaineann le tionchar irise, léirmheasanna agus duaiseanna a áireamh mar léiriú ar chaighdeán agus ar thionchar foilseachán, ach ní gá dóibh a bheith teoranta dóibh, mar is cuí don disciplín.<br>I gcás foilseacháin ilúdair, ní mór go mbeadh sé soiléir go ndearnadh cion oibre pearsanta éachtach. Ba cheart d'iarrthóirí léargas soiléir a thabhairt ar a mhéad oibre atá déanta acu mar phríomhúdar ina gcuntas ar an obair sin. | • imleabhair a bheith curtha in eagar, etc.<br>• tuarascálacha taighde<br>• comhthograí taighde idirnáisiúnta a bhfuil ag éirí go maith leo a bhunú agus a chothabháil, etc.<br>Ní liosta iomlán é seo. Tiocfaidh an teist seo le noirm an disciplín, agus áireofar léi méid mhór d'údarthacht aonair, príomhúdarthacht nó údarthacht shinsearach ar fhoilseacháin a mbeadh an-seasamh acu.<br>Ní mar a chéile a bheidh teist eisceachtúil i ngach disciplín ach de ghnáth bheadh a dhá oiread, ar a laghad, i gceist le hais an méid a bhfuiltear ag súil leis ó Léachtóir Sinsearach/Ollamh Comhlach.<br>D'fhéadfaí tagairtí acadúla, tosca a bhaineann le tionchar irise, léirmheasanna agus duaiseanna a áireamh mar léiriú ar chaighdeán agus ar thionchar foilseachán, ach ní gá dóibh a bheith teoranta dóibh, mar is cuí don disciplín.<br>I gcás foilseacháin ilúdair, ní mór go mbeadh sé soiléir go ndearnadh cion oibre pearsanta éachtach. Ba cheart d'iarrthóirí léargas soiléir a thabhairt ar a mhéad oibre atá déanta acu mar phríomhúdar ina gcuntas ar an obair sin.<br><br>I gcás ina bhfuil meascán d'aschur ó údair aonair agus ó ilúdair ag iarratasóir, cuirfear é |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | sainmhíniú ar pháipéir thaighde atá leagtha amach sa chéad 2 alt den bhosca seo. Is faoin iarratasóir atá sé a léiriú go soiléir gurb amhlaidh an cás. | I gcás ina bhfuil meascán d'aschur ó údair aonair agus ó ilúdair ag iarratasóir, cuirfear é seo san áireamh sa phlé ar íoslíon na n-aschur a theastaíonn. Is féidir páipéir pholasaí a chur san áireamh ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar pháipéir thaighde atá leagtha amach sa chéad 2 alt den bhosca seo. Is faoin iarratasóir atá sé a léiriú go soiléir gurb amhlaidh an cás. | seo san áireamh sa phlé ar íoslíon na n-aschur a theastaíonn. Is féidir páipéir pholasaí a chur san áireamh ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar pháipéir thaighde atá leagtha amach sa chéad 2 alt den bhosca seo. Is faoin iarratasóir atá sé a léiriú go soiléir gurb amhlaidh an cás. |

# TREOIRLÍNTE D'ARDUITHE CÉIME

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Taighde agus Léann** | Léachtóireachtaí Cruthaitheacha<br>I gcás iarratasóirí a bhfuil post acadúil acu sna healaíona cruthaitheacha d'fhéadfadh sé go n-áireodh sé seo, chomh maith leis an obair léinn nó in áit na hoibre léinn mar atá leagtha amach thuas:<br>Saothar atá foilsithe, léirithe nó curtha ar stáitse ag comhlacht, eagraíocht, nó institiúid mór le rá a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige/aici. I gcás scríbhneoirí cruthaitheacha, d'áireofaí anseo mórthithe foilsitheoireachta filíochta nó ficsin (e.g. Random House, Faber, Éditions Gallimard, Aufbau-Verlag; foilsitheoirí in Éirinn a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon). I gcás drámadóirí, d'áireofaí anseo drámaí a bheadh curtha ar stáitse ag mórchompántais drámaíochta (e.g. Amharclann na Mainistreach, Amharclann an Druid, eagraíochtaí eile in Éirinn a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta den sórt sin), nó ag féilte móra drámaíochta idirnáisiúnta (ar nós Fhéile Drámaíochta Bhaile Átha Cliath, Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe, agus féilte idirnáisiúnta den sórt sin). I gcás lucht déanta scannán, d'áireofaí anseo scannáin fhada don phictiúrlann nó cláir | Léachtóireachtaí Cruthaitheacha<br>I gcás iarratasóirí a bhfuil post acadúil acu sna healaíona cruthaitheacha d'fhéadfadh sé go n-áireodh sé seo, chomh maith leis an obair léinn nó in áit na hoibre léinn mar atá leagtha amach thuas:<br>Saothar atá foilsithe, léirithe nó curtha ar stáitse ag comhlacht, eagraíocht, nó institiúid mór le rá a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige/aici. I gcás scríbhneoirí cruthaitheacha, d'áireofaí anseo mórthithe foilsitheoireachta filíochta nó ficsin (e.g. Random House, Faber, Éditions Gallimard, Aufbau-Verlag; foilsitheoirí in Éirinn a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon). I gcás drámadóirí, d'áireofaí anseo drámaí a bheadh curtha ar stáitse ag mórchompántais drámaíochta (e.g. Amharclann na Mainistreach, Amharclann an Druid, eagraíochtaí eile in Éirinn a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta den sórt sin),<br>nó ag mórfhéilte drámaíochta idirnáisiúnta (ar nós Fhéile Drámaíochta Bhaile Átha Cliath, Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe, agus féilte idirnáisiúnta den sórt sin). I gcás lucht déanta scannán, d'áireofaí anseo scannáin fhada don phictiúrlann nó cláir faisnéise a ndearnadh mórdháileachán idirnáisiúnta orthu, nó a taispeánadh ag féilte móra idirnáisiúnta (e.g. | Léachtóireachtaí Cruthaitheacha<br>I gcás iarratasóirí a bhfuil post acadúil acu sna healaíona cruthaitheacha d'fhéadfadh sé go n-áireodh sé seo, chomh maith leis an obair léinn nó in áit na hoibre léinn mar atá leagtha amach thuas:<br>Saothar atá foilsithe, léirithe nó curtha ar stáitse ag comhlacht, eagraíocht, nó institiúid mór le rá a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige/aici. I gcás scríbhneoirí cruthaitheacha, d'áireofaí anseo mórthithe foilsitheoireachta filíochta nó ficsin (e.g. Random House, Faber, Éditions Gallimard, Aufbau-Verlag; foilsitheoirí in Éirinn a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon). I gcás drámadóirí, d'áireofaí anseo drámaí a bheadh curtha ar stáitse ag mórchompántais drámaíochta (e.g. Amharclann na Mainistreach, Amharclann an Druid, eagraíochtaí eile in Éirinn a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta den sórt sin), nó ag mórfhéilte drámaíochta idirnáisiúnta (ar nós Fhéile Drámaíochta Bhaile Átha Cliath, Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe, agus féilte idirnáisiúnta den sórt sin). I gcás lucht déanta scannán, d'áireofaí anseo scannáin fhada don phictiúrlann nó cláir faisnéise a ndearnadh mórdháileachán idirnáisiúnta orthu, nó a taispeánadh ag féilte móra idirnáisiúnta (e.g. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | faisnéise a ndearnadh mórdháileachán idirnáisiúnta orthu, nó a taispeánadh ag féilte móra idirnáisiúnta (e.g. Féile Scannán Bhaile Átha Cliath, Fleadh Scannán na Gaillimhe agus féilte idirnáisiúnta den sórt sin). I gcás cumadóirí ceoil, d'áireofaí anseo<br>a saothair a bheith curtha ar stáitse i mórionaid náisiúnta agus idirnáisiúnta (e.g. an Ceoláras Náisiúnta, an tÁras Náisiúnta Ceoldrámaíochta, agus árais idirnáisiúnta den sórt sin), nó ag mórfhéilte, nó iad a bheith léirithe ag mór-cheolfhoirne nó mórghrúpaí, nó taifeadtaí a bheith déanta ar a saothar ag mórchomhlachtaí ceirníní. I gcás ealaíontóirí digiteacha, físe agus/nó ildisciplíneacha, d'áireodh seo mórthaispeántais in áiteanna nó ag imeachtaí a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu (ar nós gailearaithe nó féilte), nó foirmeacha eile taibhithe, foilsithe, taispeántais, nó a scaipeadh ar bhealach eile. An t-aitheantas idirnáisiúnta atá tugtha don saothar (arna léiriú ag, mar shampla, léirmheasanna téagartha, aistriúcháin ó mhórfhoilsitheoirí idirnáisiúnta, duaiseanna idirnáisiúnta, nó fianaise eile a léireodh go bhfuil mórmheas air), ba cheart go dtuigfí gur | Féile Scannán Bhaile Átha Cliath, Fleadh Scannán na Gaillimhe agus féilte idirnáisiúnta den sórt sin). I gcás cumadóirí ceoil, d'áireofaí anseo a saothair a bheith curtha ar stáitse i mórionaid náisiúnta agus idirnáisiúnta (e.g. an Ceoláras Náisiúnta, an tÁras Náisiúnta Ceoldrámaíochta, agus árais idirnáisiúnta den sórt sin), nó ag mórfhéilte, nó iad a bheith léirithe ag mór-cheolfhoirne nó mórghrúpaí, nó taifeadtaí a bheith déanta ar a saothar ag mórchomhlachtaí ceirníní. I gcás ealaíontóirí digiteacha, físe agus/nó ildisciplíneacha, d'áireodh seo taispeántais mhóra in áiteanna a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu (ar nós gailearaithe nó féilte), nó foirmeacha móra taibhithe, foilsithe, taispeántais eile nó a scaipeadh ar bhealach eile. An t-aitheantas idirnáisiúnta atá tugtha don saothar (arna léiriú ag, mar shampla, léirmheasanna téagartha, aistriúcháin ó mhórfhoilsitheoirí idirnáisiúnta, duaiseanna idirnáisiúnta, nó fianaise eile a léireodh go bhfuil mórmheas air), ba cheart go dtuigfí gur próiseas eagarthóireachta gairmiúil a bhí i gceist leis; is ionann é sin de facto agus próiseas piarathbhreithnithe.<br>San áireamh leis sin chomh maith, d'fhéadfadh foilseacháin in irisí agus comhdhálacha idirnáisiúnta agus i gcaibidlí leabhar piarmheasúnaithe a bheith i gceist, leabhair agus/nó monagraif arna scríobh agus ar | Féile Scannán Bhaile Átha Cliath, Fleadh Scannán na Gaillimhe agus féilte idirnáisiúnta den sórt sin). I gcás cumadóirí ceoil, d'áireofaí anseo a saothair a bheith curtha ar stáitse i mórionaid náisiúnta agus idirnáisiúnta (e.g. an Ceoláras Náisiúnta, an tÁras Náisiúnta Ceoldrámaíochta, agus árais idirnáisiúnta den sórt sin), nó ag mórfhéilte, nó iad a bheith léirithe ag mór-cheolfhoirne nó mórghrúpaí, nó taifeadtaí a bheith déanta ar a saothar ag mórchomhlachtaí ceirníní. I gcás ealaíontóirí digiteacha, físe agus/nó ildisciplíneacha, d'áireodh seo taispeántais mhóra in áiteanna a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu (ar nós gailearaithe nó féilte), nó foirmeacha móra taibhithe, foilsithe, taispeántais eile nó a scaipeadh ar bhealach eile. An t-aitheantas idirnáisiúnta atá tugtha don saothar (arna léiriú ag, mar shampla, léirmheasanna téagartha, aistriúcháin ó mhórfhoilsitheoirí idirnáisiúnta, duaiseanna idirnáisiúnta, nó fianaise eile a léireodh go bhfuil mórmheas air), ba cheart go dtuigfí gur próiseas eagarthóireachta gairmiúil a bhí i gceist leis; is ionann é sin de facto agus próiseas piarathbhreithnithe.<br>San áireamh leis sin chomh maith, d'fhéadfadh foilseacháin in irisí agus comhdhálacha idirnáisiúnta agus i gcaibidlí leabhar piarmheasúnaithe a bheith i gceist, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | próiseas eagarthóireachta gairmiúil a bhí i gceist leis; is ionann é sin de facto agus próiseas piarathbhreithnithe.<br>D'áireofaí leis sin chomh maith, ábhar a bheadh foilsithe in irisí agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta agus i gcaibidlí leabhar piarmheasúnaithe, leabhair agus/nó monagraif a bheith scríofa acu agus iad a bheith foilsithe ag foilsitheoirí mór le rá, imleabhair a bheith curtha in eagar, tuarascálacha taighde, etc. Tiocfaidh an teist seo le noirm an disciplín, agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí léi údarthacht aonair, príomhúdarthacht nó údarthacht shinsearach ar fhoilseacháin a mbeadh an-seasamh acu.<br>D'fhéadfadh go n-áireofaí san fhianaise freisin saothar a ndearnadh athbhreithniú forleathan agus dearfach air in irisí tábhachtacha, in irisí, nó sa phreas náisiúnta agus idirnáisiúnta. D'áireodh sé seo léirmheasanna in irisí acadúla cuí, nuair is ann dóibh, ach freisin i dtréimhseacháin nó in irisí atá aitheanta go hidirnáisiúnta (e.g. *Times Literary Supplement, New York Review of Books for writers*; *Sight and Sound* nó a leithéid do dhéantóirí scannán; *Classical Music* nó a leithéid do chumadóirí ceoil; *American Theatre* nó a leithéid do dhrámadóirí), nó | fhoilsigh foilsitheoirí clúiteacha iad, imleabhair eagraithe, tuarascálacha taighde, etc. Beidh an teist seo mar is cuí do noirm an disciplín, agus áireofar léi údarthacht aonair, príomhúdarthacht nó údarthacht shinsearach foilseachán ardtionchair.<br>D'fhéadfadh go n-áireofaí san fhianaise freisin saothar a ndearnadh athbhreithniú forleathan agus dearfach air in irisleabhair thábhachtacha, in irisí, nó sa phreas náisiúnta agus idirnáisiúnta. D'áireodh sé seo léirmheasanna in irisí acadúla cuí, nuair is ann dóibh, ach freisin i dtréimhseacháin nó in irisí atá aitheanta go hidirnáisiúnta (e.g. *Times Literary Supplement, New York Review of Books for writers*; *Sight and Sound* nó a leithéid do dhéantóirí scannán; *Classical Music* nó a leithéid do chumadóirí ceoil; *American Theatre* nó a leithéid do dhrámadóirí), nó sa phreas náisiúnta agus idirnáisiúnta. (Ní gnách go nglacfaí le léirmheasanna ó shainbhlaganna nó ar shuímh lucht leanúna, ach d'fhéadfaí iad a chur san áireamh mar fhianaise Sheirbhíse, nó mar fhianaise ar rannpháirtíocht phoiblí.)<br>D'fhéadfadh saothar tábhachtach critice nó machnaimh sa réimse poiblí a bheith san áireamh freisin. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo aistí liteartha nó léirmheasa a scríobh, iriseoireacht chultúir, léirmheastóireacht shuntasach, obair rialta agus shuntasach sna | leabhair agus/nó monagraif arna scríobh agus ar fhoilsigh foilsitheoirí clúiteacha iad, imleabhair eagraithe, tuarascálacha taighde, etc. Beidh an teist seo mar is cuí do noirm an disciplín, agus áireofar léi údarthacht aonair, príomhúdarthacht nó údarthacht shinsearach foilseachán ardtionchair.<br>D'fhéadfadh go n-áireofaí san fhianaise freisin saothar a ndearnadh athbhreithniú forleathan agus dearfach air in irisleabhair thábhachtacha, in irisí, nó sa phreas náisiúnta agus idirnáisiúnta. D'áireodh sé seo léirmheasanna in irisí acadúla cuí, nuair is ann dóibh, ach freisin i dtréimhseacháin nó in irisí atá aitheanta go hidirnáisiúnta (e.g. *Times Literary Supplement, New York Review of Books for writers*; *Sight and Sound* nó a leithéid do dhéantóirí scannán; *Classical Music* nó a leithéid do chumadóirí ceoil; *American Theatre* nó a leithéid do dhrámadóirí), nó sa phreas náisiúnta agus idirnáisiúnta. (Ní gnách go nglacfaí le léirmheasanna ó shainbhlaganna nó ar shuímh lucht leanúna, ach d'fhéadfaí iad a chur san áireamh mar fhianaise Sheirbhíse, nó mar fhianaise ar rannpháirtíocht phoiblí.)<br>D'fhéadfadh saothar tábhachtach critice nó machnaimh sa réimse poiblí a bheith san áireamh freisin. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo aistí liteartha nó léirmheasa a scríobh, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | sa phreas náisiúnta agus idirnáisiúnta. (Ní gnách go nglacfaí le léirmheasanna ó shainbhlaganna nó ar shuímh lucht leanúna, ach d'fhéadfaí iad a chur san áireamh mar fhianaise Sheirbhíse, nó mar fhianaise ar rannpháirtíocht phoiblí.) D'fhéadfadh saothar tábhachtach critice nó machnaimh sa réimse poiblí a bheith san áireamh freisin. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo aistí liteartha nó léirmheasa a scríobh, iriseoireacht chultúir, léirmheastóireacht shuntasach, obair rialta agus shuntasach sna meáin, etc. | meáin, etc. | iriseoireacht chultúir, léirmheastóireacht shuntasach, obair rialta agus shuntasach sna meáin, etc. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Teagasc agus Foghlaim** | Cion oibre suntasach a bheith déanta le cur le teagasc, stiúradh agus meantóireacht mac léinn ag formhór nó gach leibhéal sa Scoil.<br>An fhianaise a bheidh air seo ná teagasc, stiúradh agus meantóireacht éifeachtach (lena n-áirítear tionscadail agus miontráchtais go leibhéal MA/MSc) mac léinn ag formhór na leibhéal nó ag gach leibhéal sa Scoil, éachtaí i ndearadh curaclaim/nuálaíocht chun dúshláin speisialta a shárú (fairsinge cúrsaí, deacracht ábhair, rannpháirtíocht mac léinn, rochtain a thabhairt do mhic léinn etc.).<br>Ní mór aiseolas na mac léinn a chur san áireamh freisin, mar aon le ráiteas faoi fhealsúnacht teagaisc an iarrthóra. | Cion oibre éachtach a bheith déanta le cur le teagasc, stiúradh agus meantóireacht mac léinn ag formhór nó gach leibhéal sa Scoil.<br>An fhianaise a bheidh air seo ná teagasc, stiúradh agus meantóireacht éifeachtach (lena n-áirítear tionscadail agus miontráchtais go leibhéal MA/MSc) agus nuálaíochtaí móra i ndearadh agus i seachadadh curaclaim (duine le duine, trí fhoghlaim chumaisc agus ar líne), a dtugtar aitheantas dóibh as bheith ag cur go mór leis an ábhar nó leis an disciplín.<br>D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo, i measc rudaí eile:<br>• Réimse teagaisc úrnua a thabhairt isteach san ábhar<br>• Éachtaí tábhachtacha i ndearadh curaclaim/nuálaíocht le dúshláin ar leith a shárú (fairsinge cúrsaí, deacracht ábhair, rannpháirtíocht mac léinn, rochtain a thabhairt do mhic léinn etc.).<br>• Ról ceannaireachta nó ról tábhachtach maidir le hathbhreithnithe móra ar chúrsaí a thionscnamh agus na hathbhreithnithe a thabhairt chun críche.<br>• An cion oibre a rinneadh le cur le forbairtí oideolaíochta agus taighde san ardoideachas lasmuigh den ollscoil (go náisiúnta agus/nó go hidirnáisiúnta). | Cion oibre eisceachtúil i dteagasc, i stiúradh agus i meantóireacht mac léinn ag formhór nó gach leibhéal sa Scoil.<br>An fhianaise a bheidh air seo ná teagasc, stiúradh agus meantóireacht éifeachtach (lena n-áirítear tionscadail agus miontráchtais go leibhéal MA/MSc) agus nuálaíochtaí eisceachtúla i ndearadh agus i seachadadh curaclaim (duine le duine, trí fhoghlaim chumaisc agus ar líne), a dtugtar aitheantas dóibh as bheith ag cur go mór leis an ábhar nó leis an disciplín. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo, i measc rudaí eile:<br>• Réimse teagaisc úrnua a thabhairt isteach san ábhar<br>• Móréachtaí i ndearadh curaclaim/nuálaíocht le dúshláin ar leith a shárú (fairsinge cúrsaí, deacracht ábhair, rannpháirtíocht mac léinn, rochtain a thabhairt do mhic léinn etc.).<br>• Ról ceannaireachta maidir le tús a chur le hathbhreithnithe móra ar chúrsaí agus iad a thabhairt chun críche<br>• A bheith ar an té is mó a chuir le forbairtí oideolaíochta agus taighde san ardoideachas lasmuigh den ollscoil (go náisiúnta agus/nó go hidirnáisiúnta). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Ní mór aiseolas na mac léinn a chur san áireamh freisin, mar aon le ráiteas faoi fhealsúnacht teagaisc an iarrthóra | Ní mór aiseolas na mac léinn a chur san áireamh freisin, mar aon le ráiteas faoi fhealsúnacht teagaisc an iarrthóra |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cion Oibre agus Saoránacht** | a. Inmheánach<br><br>Cion oibre suntasach don Aonad Acadúil i gcomhthéacs eagrúcháin, ceannaireachta nó bainistíochta agus, sa chás go raibh deis ann, don Choláiste agus don Ollscoil. D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith san áireamh leis sin, ach ní liosta uileghabhálach é: róil na Leas-Déan; Ceann Scoile agus/nó Disciplín (Comhlach); Stiúrthóir Taighde (Comhlach); stiúrthóireacht chúrsa; cathaoirleacht nó ballraíocht de choistí ar nós Foireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN nó grúpaí oibre; laethanta oscailte a eagrú; ceannaireacht tionscadail; pleanáil straitéiseach agus oibriúcháin; cuidiú le cáilíocht, inbhuanaitheacht, comhionannas , éagsúlacht agus cuimsiú, agus forbairt ghairmiúil daoine eile; sceidil agus scrúduithe ranga a eagrú; obair allamuigh nó saotharlanna a chomhordú; cathaoirleacht ar ghrúpaí oibre,  cion oibre ar mhaithe le tionscnaimh straitéiseacha ar fud na hollscoile etc. | a. Inmheánach<br><br>Fianaise leanúnach éachtach ar scileanna eagrúcháin, ceannaireachta nó bainistíochta ar ardchaighdeán a chuir leis an obair san Aonad Acadúil, sa Choláiste agus san Ollscoil. D’fhéadfaí go n-áireofaí sna róil sin ceannaireacht éachtach ag leibhéal na Scoile/an Choláiste agus/nó an Chláir maidir le hathrú substainteach fadtéarmach a dhéanamh ar chlár. Mar shampla: Stiúrthóireacht Chúrsa, Ceann Scoile agus/nó Disciplín (Comhlach); Stiúrthóir Taighde (Comhlach); (Leas-)Déan; Cathaoirleach Coiste nó Grúpa Oibre, obair eisceachtúil ar ghníomhaíochtaí eile ag leibhéal Scoile agus Coláiste, lena n-áirítear coistí agus grúpaí oibre; róil cheannaireachta i gcáilíocht, inbhuanaitheacht, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, agus i bhforbairt ghairmiúil daoine eile; ballraíocht agus/nó ceannaireacht ar choistí nó grúpaí oibre sinsearacha na hollscoile; cion oibre suntasach ar mhaithe le tionscnaimh straitéiseacha ar fud na hollscoile; freagracht as saotharlann nó saoráid mhór eile, etc. | a. Inmheánach<br><br>Fianaise leanúnach eisceachtúil ar scileanna eagrúcháin, ceannaireachta agus bainistíochta ar ardchaighdeán a chuir leis an obair san Aonad Acadúil, sa Choláiste agus san Ollscoil.<br>D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith san áireamh leis sin, i measc nithe eile: Stiúrthóireacht Chúrsa ina raibh athrú ó bhonn i gceist, Ceann Scoile agus/nó Disciplín (Comhlach); Stiúrthóir Taighde (Comhlach); (Leas-)Déan; Cathaoirleach Coiste nó Grúpa Oibre, obair eisceachtúil ar ghníomhaíochtaí eile ag leibhéal Scoile agus Coláiste, lena n-áirítear coistí agus grúpaí oibre; róil cheannaireachta i gcáilíocht, inbhuanaitheacht, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, agus i bhforbairt ghairmiúil daoine eile; ballraíocht agus/nó ceannaireacht ar choistí nó grúpaí oibre sinsearacha na hOllscoile; cion oibre suntasach ar mhaithe le tionscnaimh straitéiseacha ar fud na hollscoile; freagracht as saotharlann nó saoráid mhór eile, etc. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | b. Seachtrach<br><br>Cion oibre suntasach don saol intleachtúil, cultúrtha, sóisialta nó eacnamaíoch taobh amuigh den Ollscoil, ag leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachtracha rannpháirtíochta don Ollscoil agus thar ceann na hOllscoile atá taobh amuigh den réimse caidrimh acadúil, i.e. seachas díreach le hinstitiúidí tríú leibhéal eile. Ba cheart go mbeadh sé sin nasctha go soiléir le do ról san Ollscoil. | b. Seachtrach<br><br>Cion oibre éachtach agus leanúnach sa saol intleachtúil, cultúrtha, sóisialta nó eacnamaíoch taobh amuigh den Ollscoil, ag leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachtracha rannpháirtíochta don Ollscoil agus thar ceann na hOllscoile atá taobh amuigh den réimse caidrimh acadúil, i.e. seachas díreach le hinstitiúidí tríú leibhéal eile. Ba cheart go mbeadh sé sin nasctha go soiléir le do ról san Ollscoil. | b. Seachtrach<br><br>Cion oibre eisceachtúil agus leanúnach sa saol intleachtúil, cultúrtha, sóisialta nó eacnamaíoch taobh amuigh den Ollscoil, ag leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachtracha rannpháirtíochta don Ollscoil agus thar ceann na hOllscoile atá taobh amuigh den réimse caidrimh acadúil, i.e. seachas díreach le hinstitiúidí tríú leibhéal eile. Ba cheart go mbeadh sé sin nasctha go soiléir le do ról san Ollscoil. |
| | | | |

| Critéir Eile | | | |
|---|---|---|---|
| **Taighde agus Léann** | | | |
| **Réimse** | **Táscairí Gnóthachain Shuntasaigh** | **Táscairí Gnóthachain Éachtaigh** | **Táscairí Gnóthachain Eisceachtúil** |
| **Ceannaireacht Taighde** | Ceannaireacht shuntasach ar thaighde seachtrach, seirbhís ar chomhlachtaí náisiúnta/idirnáisiúnta, painéil chomhairleacha agus athbhreithnithe, rannpháirtíocht i gcomhoibrithe idirnáisiúnta, etc.<br>D'fhéadfadh ballraíocht de chomhlachtaí polasaithe poiblí, comhairliúcháin, grúpaí tionsclaíocha, grúpaí athbhreithnithe eacnamaíocha, oideachais agus eile, cuirí mór le rá chun athbhreithniú a dhéanamh ar lámhscríbhinní agus róil eile atá bunaithe ar shaineolas taighde a bheith i gceist leis seo. Ba cheart d'iarrthóirí an cineál róil a bhí acu a mhíniú go soiléir agus cur síos a dhéanamh ar a mhéad ar cheannaireacht a bhí i gceist lena ngníomhaíochtaí. Ní mór a léiriú go soiléir ar a mhéad ar cheannaireacht atá i gceist le ballraíocht coiste nó ról athbhreithnithe ar bith a | Ceannaireacht éachtach leanúnach ar thaighde seachtrach, seirbhís ar chomhlachtaí náisiúnta/idirnáisiúnta, róil chomhlacha/eagarthóireachta, ballraíocht agus ceannaireacht ar phainéil chomhairleacha agus athbhreithnithe, ról ceannaireachta i gcomhthionscadail idirnáisiúnta, etc.<br>D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo róil cheannaireachta i gcomhlachtaí seachtracha cosúil le grúpaí oibre náisiúnta agus idirnáisiúnta, eagraíochtaí ealaíon, grúpaí tionsclaíocha, grúpaí athbhreithnithe eacnamaíocha, oideachais agus eile, meithleacha machnaimh, cathaoirleacht ar mhórchomhdhálacha, etc., ach na róil sin a bheith bunaithe ar shaineolas taighde.<br>Tá ardú suntasach ar an gcaighdeán atá ag teastáil anseo i gcomparáid leis an gcaighdeán a theastaíonn ag leibhéal SL/AP. | Ceannaireacht eisceachtúil ar thaighde seachtrach, seirbhís ar chomhlachtaí náisiúnta/idirnáisiúnta, róil eagarthóireachta, ballraíocht agus ceannaireacht ar phainéil chomhairleacha agus athbhreithnithe, róil cheannaireachta i gcomhthionscadail idirnáisiúnta, etc.<br>D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo ceannaireacht ar chomhlachtaí seachtracha cosúil le grúpaí oibre náisiúnta agus idirnáisiúnta, eagraíochtaí ealaíon, grúpaí tionsclaíocha, grúpaí athbhreithnithe eacnamaíocha, oideachais agus eile, meithleacha machnaimh, cathaoirleacht ar mhórchomhdhálacha, etc., ach na róil sin a bheith bunaithe ar shaineolas taighde.<br>Ba cheart d'iarrthóirí an cineál róil a bhí acu a mhíniú go soiléir agus léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar léiriú iad a gcuid gníomhaíochtaí ar cheannaireacht eisceachtúil. Má bhí siad ina |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | áirítear anseo.<br><br>*N.B.: Breathnaítear ar cheannaireacht i Maoiniú Taighde faoin gcritéar "Maoiniú Taighde", ach amháin má tá an t-iarrthóir in ann éachtaí suntasacha ceannaireachta a léiriú tar éis don tionscadal maoinithe a bheith curtha i gcrích go rathúil.* | Ba cheart d'iarrthóirí an cineál róil a bhí acu a mhíniú go soiléir agus cur síos a dhéanamh ar a mhéad ar cheannaireacht éachtach a bhí i gceist lena ngníomhaíochtaí. Má bhí siad ina mball de choiste nó má bhí ról athbhreithnithe acu, ní mór a léiriú go soiléir cá mhéad ceannaireachta a bhí i gceist leis sin trí léiriú a thabhairt ar athruithe a cuireadh i gcrích mar thoradh ar a gceannaireacht.<br><br>*N.B.: Breathnaítear ar cheannaireacht i Maoiniú Taighde faoin gcritéar "Maoiniú Taighde", ach amháin má tá an t-iarrthóir in ann éachtaí suntasacha ceannaireachta a léiriú tar éis don tionscadal maoinithe a bheith curtha i gcrích go rathúil.* | mball de choiste nó má bhí ról athbhreithnithe acu, ní mór a léiriú go soiléir cá mhéad ceannaireachta a bhí i gceist leis sin trí léiriú a thabhairt ar athruithe a cuireadh i gcrích mar thoradh ar a gceannaireacht.<br><br>*N.B.: Breathnaítear ar cheannaireacht i Maoiniú Taighde faoin gcritéar "Maoiniú Taighde", ach amháin má tá an t-iarrthóir in ann éachtaí suntasacha ceannaireachta a léiriú tar éis don tionscadal maoinithe a bheith curtha i gcrích go rathúil.* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Mic Léinn Iarchéime agus Taighdeoirí Iardhochtúireachta** | Teist shuntasach maidir le mic léinn dochtúireachta a stiúradh go ceann scríbe nó taighdeoirí iardhochtúireachta a stiúradh nó meascán den dá rud.<br>Ba chóir go mbeadh sé seo ag teacht le rath do Choláiste agus a dhisciplíní maidir le maoiniú a fháil ag an leibhéal cuí, ag aithint go bhfuil an cultúr iarchéime níos láidre i ndisciplíní áirithe (e.g. na Dána agus na Daonnachtaí), agus go bhféadfadh an traidisiún iardhochtúireachta a bheith níos láidre i ndisciplíní eile.<br><br>a. Mic Léinn Iarchéime<br>I ngach cás ba chóir duit a chur in iúl cé acu an stiúrthóir nó comhstiúrthóir a bhí ionat. Tabhair faoi deara nach mbreathnaítear ar dhochtúireacht a bheith críochnaithe go dtí go mbíonn an chóip dheireanach, agus í ceartaithe más cuí, curtha faoi bhráid na hOllscoile agus litir dhámhachtana eisithe chuig an mac léinn. Má chuir tú tús leis an stiúrthóireacht tar éis thús tréimhse | Teist éachtach agus leanúnach maidir le mic léinn dochtúireachta a stiúradh go ceann scríbe nó taighdeoirí iardhochtúireachta a stiúradh nó meascán den dá rud.<br>Ba chóir go mbeadh sé seo ag teacht le rath do Choláiste agus a dhisciplíní maidir le maoiniú a fháil ag an leibhéal cuí, ag aithint go bhfuil an cultúr iarchéime níos láidre i ndisciplíní áirithe (e.g. na Dána agus na Daonnachtaí), agus go bhféadfadh an traidisiún iardhochtúireachta a bheith níos láidre i ndisciplíní eile.<br><br>a. Mic Léinn Iarchéime<br>I ngach cás ba chóir duit a chur in iúl cé acu an stiúrthóir nó comhstiúrthóir a bhí ionat. Tabhair faoi deara nach mbreathnaítear ar dhochtúireacht a bheith críochnaithe go dtí go mbíonn an chóip dheireanach, agus í ceartaithe más cuí, curtha faoi bhráid na hOllscoile agus litir dhámhachtana eisithe chuig an mac léinn. Má chuir tú tús leis an stiúrthóireacht tar éis thús tréimhse | Teist eisceachtúil agus leanúnach maidir le mic léinn dochtúireachta a stiúradh go ceann scríbe nó taighdeoirí iardhochtúireachta a stiúradh nó meascán den dá rud.<br>Ba chóir go mbeadh sé seo ag teacht le rath do Choláiste agus a dhisciplíní maidir le maoiniú a fháil ag an leibhéal cuí, ag aithint go bhfuil an cultúr iarchéime níos láidre i ndisciplíní áirithe (e.g. na Dána agus na Daonnachtaí), agus go bhféadfadh an traidisiún iardhochtúireachta a bheith níos láidre i ndisciplíní eile.<br><br>a. Mic Léinn Iarchéime<br>I ngach cás ba chóir duit a chur in iúl cé acu an stiúrthóir nó comhstiúrthóir a bhí ionat. Tabhair faoi deara nach mbreathnaítear ar dhochtúireacht a bheith críochnaithe go dtí go mbíonn an chóip dheireanach, agus í ceartaithe más cuí, curtha faoi bhráid na hOllscoile agus litir dhámhachtana eisithe chuig an mac léinn. Má chuir tú tús leis an stiúrthóireacht tar éis thús thréimhse stiúrthóireachta an mhic léinn, ba chóir é seo a léiriú go soiléir mar aon leis an |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | stiúrthóireachta an mhic léinn, ba chóir é seo a léiriú go soiléir mar aon leis an méid ama cruinn a bhí tú i mbun stiúrthóireachta.<br><br>b. Taighdeoirí Iardhochtúireachta<br>Ní mór fianaise a thabhairt lena chruthú gur éirigh leis an iarrthóir taighdeoirí iardhochtúireachta a stiúradh go deireadh a gcuid taighde. D’fhéadfaí an méid seo a leanas a úsáid<br>mar fhianaise, i measc nithe eile:<br>Iarratais ar mhaoiniú; Comhfhoilseacháin; dámhachtana meantóireachta a bhuaigh an duine;<br>dámhachtana agus poist iomaíocha a fuair na taighdeoirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta in Ollscoil na Gaillimhe nó áiteanna eile;<br>Cuirí chun taighdeoirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta ar cuairt a óstáil, de réir mar is cuí don disciplín;<br>Céimeanna eile a glacadh chun tacú le forbairt gairme taighdeoirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta laistigh den ghrúpa agus laistigh den ollscoil ar léiriú iad ar an gcleachtas stiúrthóireachta is fearr a bheith á chur chun cinn.<br>Ba cheart mic léinn iarchéime agus iardhochtúireachta a bhfuil tú i do stiúrthóir | stiúrthóireachta an mhic léinn, ba chóir é seo a léiriú go soiléir mar aon leis an méid ama cruinn a bhí tú i mbun stiúrthóireachta.<br><br>b. Taighdeoirí Iardhochtúireachta<br>Ní mór fianaise a thabhairt lena chruthú gur éirigh leis an iarrthóir taighdeoirí iardhochtúireachta a stiúradh go deireadh a gcuid taighde. D’fhéadfaí an méid seo a leanas a úsáid<br>mar fhianaise, i measc nithe eile:<br>Iarratais ar mhaoiniú;<br>Comhfhoilseacháin; dámhachtana meantóireachta a bhuaigh an duine;<br>dámhachtana agus poist iomaíocha a fuair na taighdeoirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta in Ollscoil na Gaillimhe nó áiteanna eile;<br>Cuirí chun taighdeoirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta ar cuairt a óstáil, de réir mar is cuí don disciplín;<br>Céimeanna eile a glacadh chun tacú le forbairt gairme taighdeoirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta laistigh den ghrúpa agus laistigh den ollscoil ar léiriú iad ar an gcleachtas stiúrthóireachta is fearr a bheith á chur chun cinn.<br>Ba cheart mic léinn iarchéime agus iardhochtúireachta a bhfuil tú i do stiúrthóir orthu faoi láthair a áireamh san fhoirm sna boscaí cuí mar léiriú ar d’uaillmhian sa réimse | méid ama cruinn a bhí tú i mbun stiúrthóireachta.<br><br>b. Taighdeoirí Iardhochtúireachta<br>Ní mór fianaise a thabhairt lena chruthú gur éirigh leis an iarrthóir taighdeoirí iardhochtúireachta a stiúradh go deireadh a gcuid taighde. D’fhéadfaí an méid seo a leanas a úsáid<br>mar fhianaise, i measc nithe eile:<br>Iarratais ar mhaoiniú;<br>Comhfhoilseacháin; dámhachtana meantóireachta a bhuaigh an duine;<br>dámhachtana agus poist iomaíocha a fuair na taighdeoirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta in Ollscoil na Gaillimhe nó áiteanna eile;<br>Cuirí chun taighdeoirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta ar cuairt a óstáil, de réir mar is cuí don disciplín;<br>Céimeanna eile a glacadh chun tacú le forbairt gairme taighdeoirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta laistigh den ghrúpa agus laistigh den ollscoil ar léiriú iad ar an gcleachtas stiúrthóireachta is fearr a bheith á chur chun cinn.<br>Ba cheart mic léinn iarchéime agus iardhochtúireachta a bhfuil tú i do stiúrthóir orthu faoi láthair a áireamh san fhoirm sna boscaí cuí mar léiriú ar d’uaillmhian sa réimse sin i láthair na huaire. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | orthu faoi láthair a áireamh san fhoirm sna boscaí cuí mar léiriú ar d'uaillmhian sa réimse sin i láthair na huaire.<br>(Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh gá stiúrthóireacht a rinneadh ag institiúid eile a bhailíochtú leis an oifig institiúideach ábhartha, más gá iad a chomhaireamh chun an critéar a chomhlíonadh.)<br><br>c.<br>Ba cheart duit cur síos a dhéanamh chomh maith ar an obair níos leithne atá déanta agat don chultúr iarchéime agus iardhochtúireachta laistigh den ollscoil. Míníonn sé seo an comhthéacs a bhaineann le do chuid gníomhaíochta mar stiúrthóir, agus tá tábhacht leis sin, ach ní hionann é agus a gcuid taighde a bheith curtha i gcrích ag taighdeoirí faoi do stiúir.<br>*(N.B.: Ní thabharfar aon aitheantas do stiúradh tráchtas fochéime ná Máistreachta PGT sa rannóg seo.)* | sin i láthair na huaire.<br>(Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh gá stiúrthóireacht a rinneadh ag institiúid eile a bhailíochtú leis an oifig institiúideach ábhartha, más gá iad a chomhaireamh chun an critéar a chomhlíonadh.)<br><br>c.<br>Ba cheart duit cur síos a dhéanamh chomh maith ar an obair níos leithne atá déanta agat don chultúr iarchéime agus iardhochtúireachta laistigh den ollscoil. Míníonn sé seo an comhthéacs a bhaineann le do chuid gníomhaíochta mar stiúrthóir, agus tá tábhacht leis sin, ach ní hionann é agus a gcuid taighde a bheith curtha i gcrích ag taighdeoirí faoi do stiúir.<br>*(N.B.: Ní thabharfar aon aitheantas do stiúradh tráchtas fochéime ná Máistreachta PGT sa rannóg seo.)* | (Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh gá stiúrthóireacht a rinneadh ag institiúid eile a bhailíochtú leis an oifig institiúideach ábhartha, más gá iad a chomhaireamh chun an critéar a chomhlíonadh.)<br><br>c.<br>Ba cheart duit cur síos a dhéanamh chomh maith ar an obair níos leithne atá déanta agat don chultúr iarchéime agus iardhochtúireachta laistigh den ollscoil. Míníonn sé seo an comhthéacs a bhaineann le do chuid gníomhaíochta mar stiúrthóir, agus tá tábhacht leis sin, ach ní hionann é agus a gcuid taighde a bheith curtha i gcrích ag taighdeoirí faoi do stiúir.<br>*(N.B.: Ní thabharfar aon aitheantas do stiúradh tráchtas fochéime ná Máistreachta PGT sa rannóg seo.)* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Maoiniú Taighde** | Dea-theist shuntasach leanúnach maidir le maoiniú taighde ón taobh amuigh a aimsiú. Áirítear leis seo maoiniú do gach cineál taighde acadúil lena n-áirítear taighde oideolaíochta. Ba cheart do ról maidir le maoiniú taighde a aimsiú a mhíniú go soiléir, agus ba cheart go mbeadh cuid de seo aimsithe ar bhonn Príomhthaighdeora. Aithnítear go n-oibríonn an earnáil mhaoinithe in Éirinn i bhfabhar disciplíní áirithe, agus nach amhlaidh an cás san Eoraip, agus dá réir cuirfear é sin chomh maith le difríochtaí disciplín san áireamh i ngach gné den scéim. | Dea-theist éachtach leanúnach maidir le maoiniú taighde ón taobh amuigh a aimsiú, agus sciar suntasach de a bheith aimsithe ag an iarratasóir ar bhonn Príomhthaighdeora, dá bhrí sin ag léiriú ceannaireachta sa réimse. Áirítear leis seo maoiniú do gach cineál taighde acadúil lena n-áirítear taighde oideolaíochta. Sa chás nach Príomhthaighdeoir thú, ba chóir do ról maidir le maoiniú a aimsiú a mhíniú go soiléir. Aithnítear go n-oibríonn an earnáil mhaoinithe in Éirinn i bhfabhar disciplíní áirithe, agus nach amhlaidh an cás san Eoraip, agus dá réir cuirfear é sin chomh maith le difríochtaí disciplín san áireamh i ngach gné den scéim. | Dea-theist eisceachtúil agus leanúnach maidir le maoiniú taighde ón taobh amuigh a aimsiú mar Phríomhthaighdeoir, dá bhrí sin ag léiriú ceannaireachta sa réimse. Áirítear leis seo maoiniú do gach cineál taighde acadúil lena n-áirítear taighde oideolaíochta. Aithnítear go n-oibríonn an earnáil mhaoinithe in Éirinn i bhfabhar disciplíní áirithe, agus nach amhlaidh an cás san Eoraip, agus dá réir cuirfear é sin chomh maith le difríochtaí disciplín san áireamh i ngach gné den scéim. |
| **Tionchar Taighde Lasmuigh den Saol Acadúil** | Fianaise go raibh tionchar suntasach ag an taighde. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí chaidreamh atá bunaithe ar thaighde leis an rialtas, an earnáil phoiblí, an tsochaí, comhlachtaí cultúir, an earnáil thionsclaíoch, taighde a thráchtálú, paitinní, etc., mar is cuí don disciplín. Ní mór a thaispeáint go soiléir go raibh tionchar ag an taighde taobh amuigh den saol acadúil trí fhianaise a chur ar fáil ar athruithe a cuireadh i gcrích, iompraíochtaí nua, | Fianaise go raibh tionchar éachtach ag an taighde. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí chaidreamh atá bunaithe ar thaighde leis an rialtas, an earnáil phoiblí, an tsochaí, comhlachtaí cultúir, an earnáil thionsclaíoch, dea-theist ar a bheith ag cur le forbairt polasaí nó á cur chun cinn, taighde a thráchtálú, paitinní, etc., mar is cuí don disciplín. Ní mór a thaispeáint go soiléir go raibh tionchar ag an taighde taobh amuigh den saol acadúil trí fhianaise a chur ar fáil ar | Fianaise go raibh tionchar eisceachtúil ag taighde an iarrthóra. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí chaidreamh atá bunaithe ar thaighde leis an rialtas, an earnáil phoiblí, an tsochaí, comhlachtaí cultúir, an earnáil thionsclaíoch, dea-theist ar a bheith ag cur le forbairt polasaí nó á cur chun cinn, taighde a thráchtálú, paitinní, etc., mar is cuí don disciplín Ní mór a thaispeáint go soiléir go raibh tionchar ag an taighde taobh amuigh den saol acadúil trí fhianaise a chur ar fáil ar athruithe a cuireadh i |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | polasaithe nua, etc. Ní hionann scaipeadh as féin agus tionchar.<br>*N.B.: NÍ áiríonn tionchar sa chuid seo an tionchar ar chomhghleacaithe acadúla, tagairtí acadúla, h-innéacsanna etc., agus ní thabharfar aon chreidiúint don duine as iad a áireamh sa chuid seo.* | athruithe a cuireadh i gcrích, iompraíochtaí nua, polasaithe nua, etc. Ní hionann scaipeadh as féin agus tionchar.<br>*N.B.: Ní áiríonn tionchar sa chuid seo an tionchar ar chomhghleacaithe acadúla, tagairtí acadúla, h-innéacsanna etc., agus ní thabharfar aon chreidiúint don duine as iad a áireamh sa chuid seo.* | gcrích, iompraíochtaí nua, polasaithe nua, etc. Ní hionann scaipeadh as féin agus tionchar.<br>*N.B.: Ní áiríonn tionchar sa chuid seo an tionchar ar chomhghleacaithe acadúla, tagairtí acadúla, h-innéacsanna etc., agus ní thabharfar aon chreidiúint don duine as iad a áireamh sa chuid seo.* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Seasamh Náisiúnta/ Idirnáisiúnta sa disciplín** | Seasamh náisiúnta agus seasamh idirnáisiúnta a bhfuil borradh faoi sa disciplín arb é an fhianaise air sin rannpháirtíocht i gcumainn léannta, comhlachtaí gairmiúla, gníomhaireachtaí maoinithe, irisí, cuirí chun aithisc thosaigh a thabhairt, scrúdaitheoireacht sheachtrach ar thráchtais taighde, measúnú ar irisí, ceapacháin ar cuairt agus mar sin de. Déan cur síos soiléir ar an mbaint a bhí agat leis na gníomhaíochtaí sin. | Seasamh idirnáisiúnta sa disciplín arb é an fhianaise air sin comhaltachtaí/ollúnachtaí cónaitheacha a bheith bronnta ar an duine, rannpháirtíocht leanúnach i gcumainn léannta, comhlachtaí gairmiúla, gníomhaireachtaí maoinithe, eagarthóireacht irisí, cuirí chun aithisc thosaigh a thabhairt, gradaim idirnáisiúnta a bheith bronnta ar an duine etc. Scrúdaitheoireacht sheachtrach ar thráchtais taighde idirnáisiúnta. Déan cur síos soiléir ar an mbaint a bhí agat leis na gníomhaíochtaí sin. | Seasamh idirnáisiúnta sármhaith sa disciplín arb é an fhianaise air sin comhaltachtaí/ollúnachtaí cónaitheacha a bheith bronnta ar an duine, rannpháirtíocht shuntasach i gcumainn léannta, comhlachtaí gairmiúla, painéil gníomhaireachtaí maoinithe agus ceannaireacht orthu, eagarthóireacht ar irisí mór le rá, cuirí chun aithisc thosaigh a thabhairt, gradaim mór le rá, agus scrúdaitheoireacht sheachtrach ar thráchtais taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta. Déan cur síos soiléir ar an mbaint a bhí agat leis na gníomhaíochtaí sin. |
| | | | |

| Teagasc agus Foghlaim | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimse** | **Táscairí Gnóthachain Shuntasaigh** | **Táscairí Gnóthachain Éachtaigh** | **Táscairí Gnóthachain Eisceachtúil** |
| **Ábhar Teoiriciúil an Teagaisc** | Fianaise shuntasach go bhfuil ar chumas an iarratasóra é/í féin a choinneáil ar an eolas maidir le teoiricí an teagaisc, arna léiriú ag ailt phiarmheasúnaithe agus/nó tuairiscí faoi thaighde oideolaíochta, na modheolaíochtaí is nuaí a chur chun feidhme sa disciplín ábhartha nó ar bhonn níos leithne, etc.<br>Ba cheart duit a léiriú go soiléir cén cineál modheolaíochtaí a bhí i gceist agus cá mhéad a dhéantar na modheolaíochtaí sin a ionchorprú, tagairtí don litríocht ábhartha san áireamh. | Teist éachtach gur choinnigh an t-iarrthóir é/í féin ar an eolas maidir le teoiricí an teagaisc, mar a bheidh léirithe ag ailt phiarmheasúnaithe agus/nó tuairiscí faoi thaighde oideolaíochta, na modheolaíochtaí is nuaí a chur chun feidhme sa disciplín ábhartha nó ar bhonn níos leithne, etc.<br>Ba cheart duit a léiriú go soiléir cén cineál modheolaíochtaí a bhí i gceist agus cá mhéad a dhéantar na modheolaíochtaí sin a ionchorprú, tagairtí don litríocht ábhartha san áireamh. | Fianaise gur choinnigh an t-iarrthóir é/í féin ar an eolas ar bhonn eisceachtúil maidir le teoiricí an teagaisc, arna léiriú ag ailt phiarmheasúnaithe agus/nó tuairiscí faoi thaighde oideolaíochta, na modheolaíochtaí is nuaí a chur chun feidhme sa disciplín ábhartha nó ar bhonn níos leithne, etc.<br>Ba cheart duit a léiriú go soiléir cén cineál modheolaíochtaí a bhí i gceist agus cá mhéad a dhéantar na modheolaíochtaí sin a ionchorprú, tagairtí don litríocht ábhartha san áireamh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Nuálaíocht sa Teagasc** | Fianaise shuntasach ar an nuálaíocht sa teagasc, lena n-áirítear forbairt agus feidhmiú bunábhar teagaisc úrnua, bunábhar atá nuálaíoch ó thaobh modheolaíochtaí, eispéiris agus/nó ábhar idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm.<br>A léiriú go soiléir cén cineál nuálaíochta agus cá mhéad nuálaíochta a bhí i gceist, tagairtí don litríocht ábhartha san áireamh.<br><br>*N.B.: Ní hionann tús a chur le cláir nó modúil nua agus nuálaíocht sa teagasc.* | Nuálaíocht ardchaighdeáin sa teagasc a ndearnadh meastóireacht uirthi agus a bhfuil cruthúnas ann go bhfuil ag éirí léi a chur chun feidhme go rialta, lena n-áirítear ábhair theagaisc nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, go háirithe má bhaineann siad le modheolaíochtaí, eispéiris agus/nó ábhar idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm. A léiriú go soiléir cén cineál nuálaíochta agus cá mhéad nuálaíochta a bhí i gceist, tagairtí don litríocht ábhartha san áireamh.<br>*N.B.: Ní hionann tús a chur le cláir nó modúil nua agus nuálaíocht sa teagasc.* | Nuálaíocht ardchaighdeáin sa teagasc a ndearnadh meastóireacht uirthi agus a bhfuil cruthúnas ann go bhfuil ag éirí léi a chur chun feidhme go rialta, lena n-áirítear ábhair theagaisc nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, go háirithe má bhaineann siad le modheolaíochtaí nuálacha, eispéiris agus/nó ábhar idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm.<br>A léiriú go soiléir cén cineál nuálaíochta agus cá mhéad nuálaíochta a bhí i gceist, tagairtí don litríocht ábhartha san áireamh.<br>*N.B.: Ní hionann tús a chur le cláir nó modúil nua agus nuálaíocht sa teagasc.* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Seasamh Náisiúnta sa Teagasc agus san Fhoghlaim** | Seasamh náisiúnta i réimse an teagaisc agus na foghlama, arna léiriú, mar shampla, ag bronnadh gradam, scrúdaitheoireacht sheachtrach agus rannpháirtíocht náisiúnta san ábhar ag leibhéal sinsearach trí chomhlachtaí gairmiúla agus creidiúnaithe nó trí ghrúpaí náisiúnta nó idirnáisiúnta eile atá dírithe ar cháilíocht agus ar bharr feabhais a bhaint amach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. | Seasamh náisiúnta/idirnáisiúnta i réimse an teagaisc agus na foghlama, arna léiriú ag próifíl/róil cheannais san ábhar go náisiúnta/go hidirnáisiúnta trí chomhlachtaí gairmiúla dearbhaithe cáilíochta nó creidiúnaithe; nó trí ghrúpaí náisiúnta nó idirnáisiúnta eile atá dírithe ar chaighdeán agus ar bharr feabhais a chur ar fáil sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú | Seasamh náisiúnta/idirnáisiúnta i réimse an teagaisc agus na foghlama, arna léiriú ag, mar shampla, róil cheannaireachta san ábhar go náisiúnta/go hidirnáisiúnta trí bhallraíocht nó trí chathaoirleacht ar chomhlachtaí dearbhaithe cáilíochta nó creidiúnaithe gairmiúla, nó ar phainéil nó ar ghrúpaí náisiúnta nó idirnáisiúnta eile atá dírithe ar chaighdeán agus ar bharr feabhais a chur ar fáil sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. |
| **Tionchar sa Teagasc agus san Fhoghlaim** | Forbairt/nuálaíocht churaclaim shuntasach a bheith glactha chucu féin go rathúil ag daoine eile, mar thoradh ar chuir i láthair ag comhdhálacha, ceardlanna, foilseacháin nó láithreáin ghréasáin cruthaithe ag an iarratasóir, mar shampla. D'fhéadfadh fianaise ar chomhoibriú ar chomhthionscadail le comhghleacaithe in Institiúidí Ard-Oideachais eile a bheith i gceist leis sin. Ní mór tionchar a léiriú trí fhianaise a thabhairt ar athruithe a cuireadh i gcrích, iompraíochtaí nua, glacadh le cuir chuigí nua ó dhaoine eile, etc. Ní hionann scaipeadh as féin agus tionchar. | Forbairtí agus nuálaíocht curaclaim a bheith á scaipeadh agus iad a bheith glactha chucu féin go leanúnach ag daoine eile trí chuir i láthair ag comhdhálacha, ceardlanna, foilseacháin, forbairt polasaí nó láithreáin ghréasáin, mar shampla. D'fhéadfadh comhoibriú ar chomhthionscadail, ar thionscadail chomhoibríocha idirnáisiúnta agus a leithéid le comhghleacaithe in Institiúidí Ard-Oideachais eile agus/nó tionchar a bheith imeartha ar na comhghleacaithe sin a bheith mar fhianaise air seo. Ní mór tionchar a léiriú trí fhianaise a thabhairt ar athruithe a cuireadh i gcrích, iompraíochtaí nua, glacadh le cuir chuigí nua ó dhaoine eile, etc. Ní hionann scaipeadh as féin agus tionchar. | Gur éirigh leis/léi forbairtí agus nuálaíocht sna curaclaim a chur i bhfeidhm go forleathan ar bhonn eisceachtúil agus ar bhonn leanúnach agus go raibh na forbairtí agus an nuálaíocht sin glactha chucu féin ag daoine eile trí chuir i láthair ag comhdhálacha, ceardlanna, foilseacháin nó láithreáin ghréasáin, mar shampla. Bheadh glacadh mar fhianaise air sin le ceannasaíocht ar chomhthionscadail, tionscadail chomhoibríocha idirnáisiúnta, agus mar sin de le comhghleacaithe in Institiúidí Ard-Oideachais eile agus/nó tionchar a bheith imeartha ar na comhghleacaithe sin maidir leis na tionscadail sin. Ní mór tionchar a léiriú trí fhianaise a thabhairt ar athruithe a cuireadh i gcrích, iompraíochtaí nua, glacadh le cuir chuigí nua ó dhaoine eile, etc. Ní hionann scaipeadh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | as féin agus tionchar. |
| **Maoiniú Oideolaíochta** | Fianaise gur éirigh thar barr leis an té atá i gceist maidir le maoiniú seachtrach a fháil do nuálaíocht oideolaíochta agus d'fhorbairt an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. Ba cheart do ról maidir le maoiniú a aimsiú a mhíniú go soiléir, agus ba cheart go mbeadh cuid de seo aimsithe ar bhonn Príomhthaighdeora. | Teist éachtach as maoiniú seachtrach a fháil do nuálaíocht oideolaíochta agus d'fhorbairt an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe, agus sciar suntasach de sin a bheith faighte mar Phríomhthaighdeoir. Sa chás nach Príomhthaighdeoir thú, ba chóir do ról maidir le maoiniú a aimsiú a mhíniú go soiléir. | Teist eisceachtúil mar Phríomhthaighdeoir as maoiniú seachtrach a fháil do nuálaíocht oideolaíochta agus d'fhorbairt an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ceannaireacht (Croí-chritéar do Chonair na Ceannaireachta)** | | | |
| **Réimse** | **Táscairí Gnóthachain Shuntasaigh** | **Táscairí Gnóthachain Éachtaigh** | **Táscairí Gnóthachain Eisceachtúil** |
| **Ceannaireacht Inmheánach** | N/B | Ceannaireacht éachtach ag leibhéal Coláiste nó ag leibhéal na hOllscoile. Gnóthachain eagraíochtúla, cheannaireachta nó bhainistíochta ar ardchaighdeán a chuir go mór leis an Ollscoil.<br>Fianaise shuntasach ar nádúr claochlaitheach na ceannaireachta. | Ceannaireacht eisceachtúil ag leibhéal na hOllscoile. Gnóthachain eagraíochtúla, cheannaireachta nó bhainistíochta ar ardchaighdeán a chuir go mór leis an Scoil, an Coláiste agus an Ollscoil i gcoitinne.<br>Fianaise shuntasach ar nádúr claochlaitheach na ceannaireachta. |
| **Ceannaireacht Sheachtrach** | N/B | Ceannaireacht éachtach chruthaithe ag leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. Ceannaireacht agus obair chruthaitheach agus nuálach ar ardchaighdeán do chomhlachtaí seachtracha ar nós grúpaí oibre réigiúnacha nó náisiúnta, eagraíochtaí ealaíon, grúpaí tionsclaíocha, grúpaí athbhreithnithe eacnamaíocha agus eile, comhlachtaí gairmiúla, meithleacha machnaimh, etc. | Ceannaireacht eisceachtúil chruthaithe ag leibhéal náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta.<br>Ceannaireacht agus obair chruthaitheach agus nuálach ar ardchaighdeán do chomhlachtaí seachtracha ar nós grúpaí oibre náisiúnta, eagraíochtaí ealaíon, grúpaí tionsclaíocha, grúpaí athbhreithnithe eacnamaíocha agus eile, comhlachtaí gairmiúla, meithleacha machnaimh, etc. |
| | | | |

*An tUachtarán Ionaid & Meabhránaí, 11 Nollaig 2023.*